2025/1409

14.7.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1409 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 a mhéid a bhaineann leis an ráta comhshó chuig an euro don Bhulgáir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 140(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 ón gComhairle [2], cinntear na rátaí comhshó idir an euro agus airgeadraí na mBallstát a bhfuil an euro á ghlacadh acu ón 1 Eanáir 1999 amach.

(2) De réir Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2005 [3], tá an Bhulgáir ina Ballstát a bhfuil maolú aige, de réir bhrí Airteagal 139(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) De bhun Chinneadh (AE) 2025/1407 ón gComhairle [4] maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026, comhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus aisghairtear maolú na Bulgáire le héifeacht ón 1 Eanáir 2026.

(4) Chun an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir, ní mór an ráta comhshó idir an euro agus lev na Bulgáire a ghlacadh. Ba cheart an ráta comhshó sin a shocrú ag 1,95583 lev in aghaidh 1 euro, ráta a chomhfhreagraíonn do ráta lárnach reatha an lev sa sásra ráta malairte (ERM II).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 2866/98, cuirtear isteach an líne seo a leanas idir na rátaí comhshó is infheidhme maidir le franc na Beilge agus marc na Gearmáine:

'= 1,95583 lev na Bulgáire'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026.

(1) Tuairim an 2 Iúil 2025 (IO C, C/2025/3948, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3948/oj).
(2) Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 ón gComhairle an 31 Nollaig 1998 maidir leis na rátaí comhshó idir an euro agus airgeadraí na mBallstát a bhfuil an euro á ghlacadh acu (IO L 359, 31.12.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1998/2866/oj).
(3) Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe ar na conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 157, 21.6.2005, lch. 203).
(4) Cinneadh (AE) 2025/1407 ón gComhairle an 8 Iúil 2025 maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026, (IO L, 2025/1407, 14.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1407/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE